



COMHAIRLE
CONTAE
CHEATHARLACH

CARLOW
COUNTY COUNCIL

PRÓTACAL LE hAGHAIDH DÉILEÁIL LE GEARÁIN ARNA nDÉANAMH I gCOINNE COMHALTAÍ TOFA DE CHOMHAIRLE CONTAE CHEATHARLACH

Féadfaidh tú an fhoirm seo a úsáid chun gearán a dhéanamh leis an gClárúitheoir Eitice do Chomhairle Contae Cheatharlach gur mhainnigh, nó gur féidir gur mhainnigh, comhairleoir an Cód Iompair do Chomhairleoirí (<https://www.gov.ie/en/publication/48675-code-of-conduct-for-councillors/>) a chomhlíonadh.

Bain úsáid as dúch dubh, más féidir, agus comhlánaigh cuid 1 agus cuid 2 i mbloclitreacha, le do thoil.

Cuid 1: Mionsonraí an Ghearánaigh

Sloinne:

An tUas./Uas./Iníon/an Dr/Eile (sonraigh, le do thoil):

Céadainm
(neacha):

Seoladh:

Éirchód:

Ríomhphost:

Uimhir theileafóin baile:

Uimhir theileafóin póca:

Cuir tic leis an mbosca a thuiriscíonn ar an mbealach is cruinne an cháil ina bhfuil do ghearán á dhéanamh agat:

- tá gearán á dhéanamh agam mar dhuine den phobal
- tá gearán á dhéanamh agam mar chomhairleoir nó mar iarchomhairleoir
- tá gearán á dhéanamh agam mar oifigeach den chomhairle
- tá gearán á dhéanamh agam thar ceann comhlacht poiblí
- sonraigh an comhlacht agus do phost laistigh de, le do thoil:
- tá gearán á dhéanamh agam thar ceann eagraíocht tríú hearnáil
- sonraigh an eagraíocht agus do phost laistigh di, le do thoil:
- tá gearán á dhéanamh agam i gcáil eile
- tabhair mionsonraí, le do thoil

Cuid 2: Cé faoi a bhfuil gearán á dhéanamh agat?

Ainm an chomhairleora a mhainnigh an Cód Iompair do Chomhairleoirí a chomhlíonadh, nó ar féidir gur mhainnigh sé nó sí an Cód sin a chomhlíonadh:

Ainm Údarás Áitiúil an Chomhairleora:

Cuid 3: Cad faoi a bhfuil gearán á dhéanamh agat?

Tabhair mionsonraí iomlána, le do thoil, faoi cén fáth a measann tú gur mhainnigh, nó gur féidir gur mhainnigh, an comhairleoir atá ainmnithe i gcuid 2 den fhoirm seo an Cód Iompair do Chomhairleoirí a chomhlíonadh. Tabhair a oiread mionsonraí agus is féidir, le do thoil, faoi iompar an chomhairleora, agus tuairisc á tabhairt ar an rud a rinne an comhairleoir; ar cén uair a tharla sé sin (lena n-áirítear an dáta iarbhír/na dátaí iarbhír, más féidir); agus ar cén áit ar tharla sé. (Mura bhfuil go leor spáis anseo, lean ar aghaidh ar leathán ar leith agus ceangail é leis an bhfoirm seo.)

Más mó ná sé mhí ó shin a tharla an t-iompar faoina bhfuil gearán á dhéanamh agat, mínigh, le do thoil, cén fáth nach ndearna tú gearán leis an gCláráitheoir Eitice roimhe seo.

Cuid 4: Cén fhianaise atá agat chun tacú le do ghearán?

Tabhair mionsonraí iomlána, le do thoil, faoin bhfianaise atá agat, nó a bhfuil tú ar an eolas fúithi, a thacaíonn le do líomhain gur mhainnigh, nó gur féidir gur mhainnigh, an comhairleoir an Cód Iompair do Chomhairleoirí a chomhlíonadh. (Mura bhfuil go leor spáis anseo, lean ar aghaidh ar leathán ar leith agus ceangail é leis an bhfoirm seo.)

Más féidir, tabhair cóip, le do thoil, den fhianaise ar thagair tú di thuas. De rogha air sin, tabhair mionsonraí iomlána, le do thoil, faoi cén áit ar féidir an fhianaise a fháil.

Cuid 5: An ann d'aon fhinnéithe ar an iompar faoina bhfuil gearán á dhéanamh agat?

Más ann d'aon fhinnéithe ar féidir leo a dheimhniú cad atá ráite agat faoi iompar an chomhairleora, tabhair a n-ainm iomlán, a seoltaí agus a n-uimhreacha teileafóin. Míneigh freisin, le do thoil, conas atá aithne agat ar an bhfinné/na finnéithe.

Cuid 6: Dearbhú

Is mian liom gearán a dhéanamh leis an gCláráitheoir Eitice gur mhainnigh, nó gur féidir gur mhainnigh, an comhairleoir atá ainmnithe i gcuid 2 den fhoirm seo an Cód Iompair do Chomhairleoirí faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001, a chomhlíonadh.

Tuigim go gcuirfeadh m'ainm agus mionsonraí faoi mo ghearán ar aghaidh chuig an gcomhairleoir faoina bhfuil gearán á dhéanamh agam agus gurb amhlaidh, i gcás go n-imscrúdáfar mo ghearán, go bhféadfaidh an Cláráitheoir Eitice na mionsonraí sin a chur ar fáil don phobal.

Chuir mé in iúl d'aon fhinnéithe atá ainmnithe agam i gcuid 5 den fhoirm seo go bhfuilim ag cur a mionsonraí ar aghaidh chuig an gCláráitheoir Eitice i ndáil le mo ghearán agus gurb amhlaidh, i gcás go n-imscrúdáfar mo ghearán, is féidir go mbeidh ceangal orthusan (na finnéithe) fianaise a thabhairt.

Síniú:

Dáta:



An tAcht Rialtas Áitiúil, 2001

Creat Eitice don tSeirbhís Rialtais Áitiúil

Déan cinnte de, le do thoil, go bhfuil gach cuid den fhoirm seo comhlánaithe agat agus seol í trí chasadh an phoist ansin chuig an seoladh seo:

Comhairle Contae Cheatharlach
Oifigí an Chontae
Bóthar Bhaile Átha Í
Ceatharlach
R93 E7R7